Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2024/2118(INI)

24.03.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar ról na rialacha simplí cánach agus na hilroinnte cánach in iomaíochas na hEorpa
(2024/2118(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Michalis Hadjipantela

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 11

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 12

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar ról na rialacha simplí cánach agus na hilroinnte cánach in iomaíochas na hEorpa (2024/2118(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 4 agus d'Airteagail 63 go 66 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus do phrionsabail an mhargaidh inmheánaigh, saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipitil agus daoine,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 113, 114 agus 115 de,

– ag féachaint do Threoir 2003/49/CE ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 maidir leis an gcóras coiteann cánachais is infheidhme ar íocaíochtaí úis agus ríchíosa arna ndéanamh idir cuideachtaí comhlachaithe Ballstát éagsúil[1] (an Treoir maidir le hÚs agus Ríchíosanna),

– ag féachaint do Threoir 2011/96/AE ón gComhairle an 30 Samhain 2011 maidir le córas comhchoiteann cánach is infheidhme i gcás máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí as Ballstáit difriúla[2] (an Treoir maidir le Máthairchuideachtaí agus Fochuideachtaí),

– ag féachaint do Threoir 2022/2523/CE ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais (15 %) a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas[3], arb é freagairt an Aontais Eorpaigh ar chomhordú idirnáisiúnta cánach í,

– ag féachaint do na forbairtí leanúnacha maidir leis an réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair,

– ag féachaint do na tuarascálacha críochnaitheacha ar Thionscadal ECFE/G20 maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS) ó mhí Dheireadh Fómhair 2015,

– ag féachaint do na tuarascálacha ar Threoirphleananna Cholún a hAon agus Cholún a Dó a ghlac Creat Cuimsitheach ECFE/G20 an 14 Deireadh Fómhair 2020, agus do na torthaí ar anailís eacnamaíoch agus measúnú tionchair ECFE an 12 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *Tax Challenges Eising from Digitalisation – Economic Impact Assessment* [Dúshláin Chánach a eascraíonn as an Digitiú – Measúnú Tionchair Eacnamaíoch],

– ag féachaint do ráiteas ó Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le BEPS an 8 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal *Two-Pillar Solution to Address the Tax Challenges Arising from the Digitalisation of the Economy* [Réiteach Dhá Cholún chun aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin Chánach a eascraíonn as Digiteáil an Gheilleagair],

[1] IO L 157, 26.6.2003, lch. 49.
[2] IO L 345, 29.12.2011, lch. 8.
[3] IO L 328, 22.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2523/oj.

– ag féachaint do rialacha samhla Cholún a Dó de Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le BEPS an 20 Nollaig 2021 le haghaidh cur chun feidhme intíre 15 % de cháin íosta dhomhanda,

– ag féachaint do Dhlí Poiblí na Stát Aontaithe 117-169 an 16 Lúnasa 2022, ar a dtugtar an tAcht um Laghdú Boilscithe,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Iúil 2020 dar teideal *An action plan for fair and simple taxation supporting the recovery strategy* [Plean Gníomhaíochta le haghaidh cánachas cothrom agus simplí a thacaíonn leis an straitéis téarnaimh] (COM(2020)0312),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2021 dar teideal *Business taxation for the 21st century* [Cánachas Gnó don 21ú hAois] (COM(2021)0251),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 le haghaidh treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas (COM(2021)0823), chomh maith le seasamh Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra sin[4],

– ag féachaint don staidéar ón gCoimisiún ó mhí Eanáir 2022 dar teideal *Tax compliance costs for SMEs – An update and a complement: final report* [Costais chomhlíonta cánach do FBManna – Nuashonrú agus comhlánú: tuarascáil chríochnaitheach],

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2022 le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le rialacha a leagan síos i dtaca le liúntas um chlaontacht fiachais-cothromais a laghdú agus i dtaca le hin-asbhainteacht úis a theorannú chun críoch cánach ioncaim corparáidí (COM(2022)0216),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don Ré Dhigiteach (COM(2022)0701), don togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach (COM(2022)0703), don togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine leictreonach ó CBL (COM(2024)0278) agus do chomhaontú na Comhairle maidir le CBL i bpacáiste na haoise digití an 5 Samhain 2024,

– ag féachaint do Threoir 2025/50 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 maidir le faoiseamh níos tapúla agus níos sábháilte ó fharasbarr cánacha siarchoinneálacha[5] (FASTER),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2023 le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT) (COM(2023)0532),

[4] IO L 479, 16.12.2022, lch. 89.
[5] IO L, 2025/50, 10.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/50/oj.

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2023 le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (COM(2023)0528),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2023 le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le praghsáil aistrithe (COM(2023)0529),

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle an 18 Aibreán 2024 maidir leis an gcomhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 24 Bealtaine 2024 maidir le Margadh Aonair chun tairbhe do chách,

– ag féachaint do Dhearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa ón gComhairle Eorpach an 8 Samhain 2024,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 11 Márta 2025 maidir le clár oibre um dhíthrangáil agus simpliú canach a chuireann le hiomaíochas an Aontais,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Márta 2025 maidir le hiomaíochas, ina ndírítear ar shimpliú agus ar ualaí rialála agus riaracháin a laghdú,

– ag féachaint don rún uaithi an 16 Feabhra 2022 maidir le cur chun feidhme an Séú Treoir CBL: cad atá in easnamh chun bearna CBL san Aontas a laghdú?[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2021 maidir le beartas an Aontais i dtaca le cleachtais chánach dhíobhálacha a athchóiriú (lena n-áirítear an Mheitheal um an gCód Iompair a athchóiriú)[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Feabhra 2022 maidir le tionchar na n-athchóirithe cánach náisiúnta ar gheilleagar an Aontais[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Márta 2022 maidir le creat Eorpach um Cháin Iarchoimeádta[9], ina n-iarrtar creat caighdeánaithe um cháin shiarchoinneálach,

– ag féachaint do rún uaithi an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le tionchar na dteicneolaíochtaí ar an gcánachas: criptea-airgeadra agus blocshlabhra[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Márta 2022 le moltaí don Choimisiún maidir le cánachas cothrom agus níos simplí lena dtacaítear leis an straitéis téarnaimh (obair leantach PE ar Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin de mhí Iúil agus ar a 25 thionscnamh i réimse CBL, an chánachais gnó agus an chánachais aonair)[11],

[6] IO C 342, 6.9.2022, lch. 88.
[7] IO C 132, 24.3.2022, lch. 167.
[8] IO C 342, 6.9.2022, lch. 14.
[9] IO C 347, 9.9.2022, lch. 172.
[10] IO C 132, 14.4.2023, lch. 15.
[11] IO C 347, 9.9.2022, lch. 211.

– ag féachaint do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 maidir leis na bearta leantacha ar chonclúidí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa[12],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meitheamh 2023 ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó Pháipéir Pandora agus ó nithe eile a tháinig chun solais[13], ina n-iarrtar freisin feabhas a chur ar thuairisciú agus ar chomhroinnt faisnéise,

– ag féachaint don rún uaithi an 12 Nollaig 2023 ar athchóiriú breise ar rialacha cánachais corparáide[14],

– ag féachaint do thuarascáil an 9 Bealtaine 2022 maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa,

– ag féachaint do thuarascáil Enrico Letta an 17 Aibreán 2024 dar teideal *Much more than a market* [Margadh Thar an gCoitiantacht],

– ag féachaint do thuarascáil Mario Draghi an 9 Meán Fómhair 2024 dar teideal *The future of European competitiveness* [Todhchaí iomaíochas na hEorpa],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0000/2025),

A. de bhrí gur bhailigh Ballstáit an Aontais EUR 6,712 billiún i gcánacha in 2023 (lena n-áirítear ranníocaíochtaí sóisialta iarbhír éigeantacha), arb ionann é agus 4.7 % sa bhreis ná mar a bailíodh in 2022[15];

B. de bhrí, in 2023, gurbh ionann an t-ualach cánach (i.e. ioncam cánach foriomlán mar sciar de OTI) san Aontas agus 39.0 % de OTI, laghdú de bheagán i gcomparáid le 2022[16];

C. de bhrí gurbh ionann cóimheas ioncaim CBL-OTI in 2023 agus 7.1 % de OTI an Aontais agus 18.3 % d'ioncam iomlán an rialtais[17];

D. de bhrí gurbh ionann an bhearna chomhlíontachta CBL agus EUR 89.3 billiún in 2022 de réir an Choimisiúin[18];

[12] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0141.
[13] IO C, C/2024/492, 23.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/492/oj.
[14] IO C, C/2024/4165, 2.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4165/oj.
[15] An Coimisiún Eorpach, Sonraí maidir le Treochtaí Cánachais, a tugadh cothrom le dáta go deireanach an 10 Márta 2025.
[16] An Coimisiún Eorpach, Sonraí maidir le Treochtaí Cánachais, a tugadh cothrom le dáta go deireanach an 10 Márta 2025.
[17] An Coimisiún Eorpach, Sonraí maidir le Treochtaí Cánachais, a tugadh cothrom le dáta go deireanach an 10 Márta 2025.
[18] An Coimisiún Eorpach, *VAT gap in the EU – 2024 report* [An bhearna CBL san Aontas – tuarascáil 2024].

E. de bhrí go bhfuil difríocht idir na Ballstáit maidir lena spleáchas ar chánachas, maidir leis na cánacha a thoibhíonn siad chun an t-ioncam sin a bhailiú agus maidir leis an gcaoi ar athraigh siad a measc cánach le deich mbliana anuas[19];

F. de bhrí go dtugtar rabhadh i dtuarascáil chuimsitheach Draghi maidir le staid eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh go bhfuil laghdú ag teacht ar tháirgiúlacht agus iomaíochas an Aontais, agus, gan gníomhaíocht chinntitheach, go bhfuil 'meath mall agus léanmhar' roimh an Aontas, agus béim á leagan freisin ar an ngá atá le beartais chomhordaithe, lena laghdaítear bacainní maorlathacha chun iomaíochas a fheabhsú agus lena sainaithnítear agus lena ndíothaítear rialacha nach bhfuil gá leo, i réimse an chánachais freisin;

Cánachas agus an timpeallacht ghnó

1. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go bhfágfadh rialacha cánach simplí agus intuartha go mbeadh sé níos éasca do cháiníocóirí a gcánacha a íoc agus do rialtais ioncam a riar agus a bhailiú; á thabhairt chun suntais gur gá Aontas Eorpach a chruthú atá fabhrach don chomhlíonadh agus a thacaíonn le gnó, inar féidir le hearnálacha táirgiúla dul san iomaíocht agus rath a bheith orthu agus inar féidir le hoibrithe ioncam maith a thuilleamh;

2. á chur i bhfáth gur cheart do chóras cánach an Aontais seasamh le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus go gcoimeádann na Ballstáit an ceart chun a gcórais chánach a chur in oiriúint dá riachtanais náisiúnta shonracha, agus caighdeáin choiteanna á gcomhlíonadh agus úsáid éifeachtúil ioncaim á háirithiú ag an am céanna;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil cuideachtaí Eorpacha, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ina bpríomhspreagthaí don fhás eacnamaíoch agus do chruthú post ar fud na mór-roinne; á mheabhrú go bhfuil dúshláin shuntasacha fhioscacha roimh FBManna mar gheall ar rialacháin chasta chánach agus córais ilroinnte chánach, lena bhforchuirtear ualaí arda riaracháin agus costais chomhlíontachta, rud a chuireann bac ar a bhfás agus ar a nuálaíocht; ag tathant ar an gCoimisiún féachaint ar réitigh a dhéanann nósanna imeachta cánach a shimpliú agus costais chomhlíonta a laghdú;

Iomaíochas agus fás cuimsitheach

4. á chur in iúl gur geal léi conclúidí na Comhairle Eorpaí i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa; á chur in iúl gur oth léi, ina leith sin, go bhfuil réimse an chánachais mar phriomhthoisc chun iomaíochas na hEorpa a fheabhsú fágtha ar lár; á iarraidh go mbeadh comhar cánach níos fearr ann laistigh den Aontas, lena laghdófaí ilroinnt agus castacht agus lena gcothófaí comhar agus muinín níos fearr i measc na mBallstát chun iomaíochas gheilleagar na hEorpa a fheabhsú;

5. á chur in iúl gur geal léi conclúidí na Comhairle Eorpaí maidir le díthrangláil agus simpliú cánach; á chur i bhfáth gur cheart do tionscnaimh an Aontais amach anseo

[19] An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Chánachas agus um an Aontas Custaim, Annual report on taxation 2024 – Review of taxation policies in the European Union, 2024 [Tuarascáil bhliantúil 2024 maidir le cánachas – Athbhreithniú ar bheartais chánachais san Aontas Eorpach, 2024].

maidir le cánachas díriú ar shimpliú riaracháin, ar dheireadh a chur (i gcás inarb ábhartha) le rialacha cánach forluiteacha, ar shoiléireacht a mhéadú agus ar chur i bhfeidhm rialacha cánach a chuíchóiriú;

Simpliú cánach agus digitiú cánach

6. ag meabhrú thosaíocht an Choimisiúin simpliú gnó ar fud na mbeartas uile a áirithiú, lena n-áirítear cánachas, agus é mar aidhm ceanglais tuairiscithe a laghdú 25 % (agus faoi 35 % ar a laghad i gcás FBManna); á iarraidh, ina leith sin, ar an gCoimisiún measúnuithe tionchair *ex ante* a dhéanamh go córasach ar na tograí reachtacha nua uile a bhaineann le cáin, chomh maith le seiceáil iomaíochais ar na bearta reatha chun an laghdú a bhfuiltear ag súil leis ar ualaí riaracháin a chainníochtú agus chun a áirithiú go mbeidh rialacha nua i gcomhréir le cuspóirí fáis eacnamaíoch an Aontais;

7. á mheabhrú go bhfuil rialacha cánach simplí, cobhsaí agus intuartha bunriachtanach do gheilleagar iomaíoch; á iarraidh ar an gCoimisiún na Ballstáit uile a threorú i dtreo córas cánach simplithe chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a laghdú; á aithint gur réitigh thábhachtacha iad deimhneacht chánach, simpliú a dhéanamh ar nósanna imeachta aisíocaíochta agus ar asbhaintí chun an t-ualach riaracháin a laghdú, go háirithe do FBManna;

8. á chur i bhfios go láidir acmhainneacht an digitithe, go háirithe an intleacht shaorga, chun ualaí riaracháin agus costais chomhlíonta a laghdú do chuideachtaí, go háirithe FBManna; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit digitiú agus simpliú an riaracháin cánach a chur chun cinn;

9. á iarraidh ar an gCoimisiún an creat CBL atá ann faoi láthair a mheasúnú agus a shimpliú, ualaí riaracháin a laghdú, iomaíochas a fheabhsú agus an bhearna a laghdú idir an t-ioncam a bhfuiltear ag súil leis agus an méid a bhailítear go hiarbhír (an bhearna CBL);

10. ag athdhearbhú sheasamh Pharlaimint na hEorpa maidir le HOT, DEBRA agus FASTER; ag cur sonrú sa phlé atá ar siúl faoi láthair maidir le togra BEFIT;

Colúin 1 agus 2 ECFE agus cánachas idirnáisiúnta

11. ag athdhearbhú thiomantas an Aontais do chur chun feidhme Chomhaontú Cholún II ECFE, agus an staid reatha maidir le rialacha Cholún II á cur san áireamh, lena n-áirítear an tOrdú Feidhmiúcháin a d'eisigh Uachtarán na Stát Aontaithe le déanaí an 20 Eanáir 2025 inar dearbhaíodh nach bhfuil aon fheidhm ná éifeacht ag Comhaontú Cánach Domhanda ECFE sna Stáit Aontaithe; ag tathant ar an gCoimisiún Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi phleananna teagmhasacha agus gníomhaíocht mhear spriocdhírithe a dhéanamh chun leasanna an Aontais a chosaint agus bearta díoltais a chosc;

12. á chur i bhfáth gur cheart do Cholún 2 íosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas Eorpach á chur in iúl gur geal léi a chur chun feidhme sa dlí náisiúnta; á iarraidh go mbeadh soiléireacht dhlíthiúil ann maidir lena chur chun feidhme agus ag dréim leis go dtiocfadh deireadh go luath leis an bpróiseas chun an treoir riaracháin a chaibidliú agus a fhoilsiú agus go

gcuirfí an deimhneacht is gá ar fáil do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme Cholún 2; ag dréim le tuilleadh forbairtí maidir le tearmann buan ECFE;

13. ag tabhairt dá haire go bhfuil clár oibre uaillmhianach á shaothrú ag an Aontas Eorpach le blianta beaga anuas chun imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac agus go bhfuil roinnt forálacha nua agus ceanglais tuairiscithe tugtha isteach aige (e.g. trí ATAD); ag tabhairt dá haire gur fhógair an Coimisiún go ndéanfaidh sé meastóireacht ar an Treoir in aghaidh Seachaint Cánach (ATAD) i bhfianaise Cholún II agus go dtíolacfaidh sé tuarascáil chuimsitheach maidir leis na bearta in R3 2025;

14. á aithint gur fhoilsigh ECFE an Coinbhinsiún Iltaobhach i mí Dheireadh Fómhair 2023, lenar leagadh síos na rialacha teicniúla chun Méid A de Cholún 1 a chur chun feidhme agus an chaibidlíocht leanúnach ina leith;

Bacainní cánach sa mhargadh aonair

15. ag tabhairt dá haire go gcruthaíonn tírdhreach cánach ilroinnte an Aontais castacht, éiginnteacht agus costais arda chomhlíonta do ghnólachtaí an Aontais, go háirithe FBManna; á chur i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar bhacainní cánach ar infheistíocht trasteorann agus cothromas i maoiniú gnó a mhéadú; ag meabhrú, ina leith sin, thuarascáil Draghi, ina dtugtar chun suntais gur cheart do shaoránaigh an Aontais a bheith in ann infheistíocht a dhéanamh i mBallstáit eile gan nósanna imeachta casta cánachais, rud a mbeadh cánachas dúbailte mar thoradh air go héifeachtach;

Imghabháil cánach agus pleanáil ionsaitheach cánach a chomhrac

16. á gheallúint go ndéanfaidh sí pleanáil ionsaitheach chánach a chomhrac ar mhaithe le hEoraip chothrom a bheith ann, agus staid agus leasanna sonracha FBManna, agus teaghlach ísealaicme agus meánaicme á gcur i gcuntas; ag aithint na n-impleachtaí suntasacha ioncaim a bhaineann le pleanáil ionsaitheach cánach, ina bhfuil an cothrom iomaíochta fabhrach do ghníomhaithe sa gheilleagar agus a bhagraíonn an bonn a bhaint ón dearcadh dearfach atá ann i leith cánach; ag tathant ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcomhar idir na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar phleanáil ionsaitheach cánach, go háirithe trí mhalartú faisnéise feabhsaithe, iniúchtaí comhordaithe agus forfheidhmiú feabhsaithe;

17. ag tabhairt dá haire go bhfuil ról ag an Treoir maidir le Comhar Riaracháin (DAC) maidir le himghabháil cánach a laghdú agus trédhearcacht a mhéadú, agus béim á leagan ag an am céanna ar an gcastacht agus ar an ualach riaracháin, go háirithe faoi DAC 6;

18. á iarraidh go mbeadh comhar feabhsaithe ann idir Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus Eurofisc chun comhroinnt faisnéise, iarrachtaí forfheidhmithe comhordaithe agus imscrúduithe trasteorann a neartú sa chomhrac i gcoinne calaois CBL agus cineálacha eile imghabhála cánach;

Cánachas trasteorann agus soghluaisteacht an lucht saothair

19. á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh maidir le conas rialacha cánach a shimpliú agus aghaidh a thabhairt ar ilroinnt chánach d'oibrithe trasteorann agus do

dhaoine féinfhostaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas; ag tabhairt dá haire go gcruthaíonn córais chánach náisiúnta éagsúla ualaí riaracháin, éiginnteacht dhlíthiúil agus cánachas dúbailte, rud a chuireann bac ar shoghluaisteacht an lucht saothair agus ar fhiontraíocht trasteorann;

Cánachas agus nuálaíocht

20. á iarraidh ar an gCoimisiún staidéir bhreise a dhéanamh ar éifeachtaí dreasachtaí cánach don taighde agus don fhorbairt (T&F) agus don nuálaíocht chun iomaíochas na hEorpa a fheabhsú ar an leibhéal domhanda i gcomhréir leis na moltaí atá i dtuarascáil Draghi; á iarraidh go neartófaí an comhar agus an mhuinín idir na Ballstáit, lena gcuirfí cothrom iomaíochta chun cinn don ríomhthráchtáil, do sheirbhísí digiteacha agus d'earnálacha eile atá ag fás go mear;

21. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá an Rapóirtéir den tuairim nach mór dúinn, sa tírdhreach eacnamaíoch atá ann faoi láthair, iarracht a dhéanamh an t-ualach rialála agus riaracháin a shimpliú agus a laghdú.

Tá timpeallacht chánach an Aontais Eorpaigh ag pointe cinniúnach, lena n-éilítear cothromaíocht idir fás eacnamaíoch a chothú, iomaíochas a fheabhsú, agus cothroime chánach a áirithiú. Mar gheall ar an timpeallacht eacnamaíoch atá ag teacht chun cinn, a bhfuil an digitiú agus an domhandú mar chuid di, tá gá le beartais chánach chomhordaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin trasteorann agus laghdú á dhéanamh leo ar ualaí riaracháin do ghnólachtaí, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).

Déanann na prionsabail a chumhdaítear in Airteagal 4 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus na Conarthaí ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh treisiú ar a thábhachtaí atá an margadh inmheánach, saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipiteal agus daoine. Tá creat cánach intuartha ríthábhachtach chun tacú leis an margadh inmheánach agus chun a áirithiú gur féidir le gnólachtaí oibriú go héifeachtúil thar theorainneacha gan castacht mhíchuí. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag an Aontas maidir le dul i ngleic le himghabháil agus seachaint cánach, tá gá le bearta breise chun bacainní maorlathacha a laghdú agus chun timpeallacht atá níos fabhraí do ghnólachtaí a chruthú, mar a thugtar chun suntais i dtuarascáil Draghi maidir le 'Todhchaí Iomaíochas na hEorpa'.

Tá simpliú cánach agus digitiú cánach ríthábhachtach chun costais chomhlíontachta a laghdú agus chun éifeachtúlacht a fheabhsú. Céim sa treo ceart is ea gealltanas an Choimisiúin na ceanglais tuairiscithe a laghdú 25 % (agus 35 % ar a laghad i gcás FBManna). Le measúnuithe tionchair *ex-ante* le haghaidh tograí nua a bhaineann le cáin agus le seiceálacha iomaíochais ar bhearta atá ann cheana, cuideofar le beartais chánach a ailíniú le spriocanna eacnamaíocha ar bhonn níos leithne.

Tá acmhainneacht mhór ag baint leis an riarachán cánach a dhigitiú chun ualaí riaracháin a laghdú. Tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as an intleacht shaorga (IS) agus as uirlisí digiteacha, is féidir próisis chomhlíontachta a chuíchóiriú, lena bhfágtar go bhfuil sé níos éasca do chuideachtaí, go háirithe FBManna, dul i ngleic le rialacháin chasta chánach.

Tá comhar neartaithe idir na Ballstáit ríthábhachtach chun dul i ngleic le himghabháil cánach agus pleanáil ionsaitheach cánach. Le malartú faisnéise feabhsaithe, iniúchtaí comhordaithe, agus sásraí forfheidhmithe feabhsaithe, is féidir an comhrac i gcoinne mí-úsáid chánach a neartú.

Mar fhocal scoir, ní mór do chlár oibre cánach an Aontais tús áite a thabhairt don simpliú, don digitiú agus don chomhar chun timpeallacht chánach níos cothroime agus níos iomaíche a chruthú. Trí ilroinnt agus castacht a laghdú, trí uirlisí digiteacha a fheabhsú, agus trí bheartais chomhordaithe a ghlacadh, is féidir leis an Aontas an bealach a réiteach don fhás inbhuanaithe agus don rathúnas sna blianta amach romhainn.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
DG TAXUD, European Commission
European Banking Federation
BusinessEurope
Tax Foundation

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.